V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10883 — BLACKSTONE / RIVEAN / ESDEC SOLAR GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 370/02)

1. An 15 Meán Fómhair 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Blackstone Inc. ("Blackstone") (Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Rivean Capital B.V. ("Rivean") (An Ísiltír),

— Esdec Solar Group B.V. ("Esdec") (An Ísiltír), atá faoi rialú aonair Rivean faoi láthair.

Gheobhaidh Blackstone agus Rivean comhrialú ar Esdec de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha é Blackstone a bhfuil a cheanncheathrú sna Stáit Aontaithe.

— Is infheisteoir cothromais phríobháidigh Eorpach é Rivean, agus infheistíonn sé go príomha i gcuideachtaí meánmhéide atá gníomhach in earnálacha éagsúla san Eoraip, go háirithe san Ísiltír, sa Bheilg, sa Ghearmáin, san Ostair, san Iodáil agus san Eilvéis.

— Is soláthróir agus dáileoir córas gléasta painéal gréine é Esdec, go háirithe do dhíonta cónaithe agus tráchtála, agus díolann siad le mórdhíoltóirí, le dáileoirí EPC nó go díreach le suiteálaithe. Tá Esdec faoi rialú aonair Rivean faoi láthair.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M. 10883 — BLACKSTONE / RIVEAN / ESDEC SOLAR GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË